

Conas do Dheis Labhartha a bheith agat?

Is próiseas comhoibríoch é an próiseas déanta pleananna agus táimid ag lorg do thuairimí maidir leis an Dréachtphlean Forbartha Contae. Cuirfear fáilte roimh **aighneachtaí nó roimh thuairimí i scríbhinn** maidir leis an Dréachtphlean agus/nó roimh na tuarascálacha a ghabhann leis ó bhaill den phobal i gcoitinne agus ó pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear leanaí nó grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí.

Is féidir aighneachtaí/breithnithe a dhéanamh ar an Dréachtphlean ón **Déardaoin 22 Aibreán 2021 go dtí meánoíche Déardaoin 1 Iúil 2021** (na dátaí sin san áireamh) ar na bealaí seo a leanas:

Ar líne ag <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028> nó i scríbhinn chuig an seoladh seo a leanas: pleanálaí sinsearach beartas pleanála, An tAonad Polasaí Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Urlár 13, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin.

Déan d'aighneacht trí mheán amháin, le do thoil.

Tá Treoir maidir le conas aighneacht a dhéanamh ar fáil ar an leathanach gréasáin maidir le hAthbhreithniú Forbartha ag Contae Chorcaí <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028>

D'ullmhaigh Comhairle Contae Chorcaí **Dréachtphlean Forbartha Contae Chorcaí 2021** de réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus tá sí ar taispeántas mar chuid de chomhairliúcháin poiblí ar feadh 10 seachtaine suas go dtí **meán oíche Déardaoin 1 Iúil 2021**.

Conas agus cá háit is féidir liom teacht ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Chorcaí?

Tá **seacht** nImleabhar sa Dréachtphlean –

Imleabha(i)r a hAon; a Dó; a Trí; a Ceathair; Tá cúig mhír den Dréachtphlean ar fáil i gcóipeanna crua nó i bhformáid leictreonach mar aon le hImleabhair a Sé agus a Seacht i bhformáid leictreonach amháin.

Is féidir breathnú ar an Dréachtphlean ina iomláine

- ar ár suíomh gréasáin agus is féidir é a íoslódáil ag <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028>,
- inár seomra taispeántais fhíorúil ar ár leathanach gréasáin,
- agus ag Oifigí na Comhairle, le linn gnáthuaireanta oifige, faoi réir Prótacail Covid 19 (Féach <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028> le haghaidh tuilleadh eolais.

Céard é an Dréachtphlean Forbartha Contae?

Leagtar amach i nDréachtphlean Forbartha Contae Chorcaí an straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae, agus san am céanna cuirtear san áireamh ann pleananna náisiúnta agus réigiúnacha, beartas rialtais agus treoirlínte reachtúla. Is éard atá ann de ghnáth ráiteas scríofa agus léarscáileanna a ghabhann leis (seacht n-imleabhar san).

Ní hamháin go dtiocfaidh an Dréachtphlean in ionad an Phlean Forbartha Contae reatha, 2014 (arna athrú) ach tiocfaidh sé in ionad na gcáipéisí seo a leanas freisin:

- Pleananna Forbartha reatha Chloich na Coillte, An Chóibh, Mhainistir Fhear Maí, Chionn tSáile, Mhaigh Chromtha, Mhala, Mhainistir na Corann, an Sciobairín agus Eochaille agus na n-ocht bPlean Ceantair Áitiúil arna gcur le chéile in 2017, agus.

Is iad seo a leanas na seacht nImleabhar atá sa Dréachtphlean:

- **Imleabhar a hAon** Príomhábhar Beartais
- **Imleabhar a Dó** Oidhreacht agus Conláiste
- **Imleabhar a Trí** Corcaigh Thuaidh: Ceantair Bhardasacha Mhainistir Fhear Maí agus Cheann Toirc
- **Imleabhar a Ceathair** Corcaigh Theas: Ceantair Bhardasacha Charraig Uí Leighin, an Chóibh, Oirthear Chorcaí agus Mhaigh Chromtha
- **Imleabhar a Cúig** Iarthar Chorcaí: Ceantair Bhardasacha Dhroichead na Bandan-Cionn tSáile agus Iarthar Chorcaí
- **Imleabhar a Sé** Tuarascálacha Comhshaoil
- **Imleabhar a Seacht** Léarscáileanna

Cad iad na Chéad Chéimeanna Eile sa phróiseas maidir leis an Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae

Táimid ag **Céim a Dó** de phróiseas an Phlean Forbartha Contae faoi láthair agus is tar éis thréimhse an Chomhairliúcháin Phoiblí a ullmhófar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le Dréachtphlean na nAighneachtaí a fuarthas agus beidh sí sin ar fáil ar leathanach gréasáin na comhairle.

Déanfaidh Comhaltaí Chomhairle Contae Chorcaí, tar éis dóibh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Dhréachtphlean a bhreithniú, cinneadh cibé acu an Dréachtphlean a GHLACADH nó a LEASÚ.

Ionsáigh amlíne athbhreithnithe an Phlean Forbartha Contae anseo

Céim 1 Foilsigh Athbhreithniú ar Dhoiciméad Comhairliúcháin Phoiblí an Phlean Forbartha Contae le haghaidh Chomhairliúcháin Poiblí Márta-Iúil 2020

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú maidir le dréachtaighneachtaí roimh ré Iúil-Lúnasa 2020

Breithniú ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag na Comhaltaí i Lúnasa-Samhain 2020

Ullmhaigh Dréachtphlean agus Tuarascálacha Comhshaoil- Samhain 2020-Feabhra 2021

Measfaidh na Feisirí an Dréachtphlean-Feabhra-Aibreán 2021

Cuirfear bailchríoch ar an Dréachtphlean-Aibreán 2021

Céim 2 – Dréachtphlean don Chomhairliúchán Poiblí – Aibreán 2021

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú maidir le hAighneachtaí don Dréachtphlean roimh ré-Iúil – Meán Fómhair 2021

Déanfaidh na Comhaltaí breithniú ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh i Lúnasa-Samhain 2021

Leasuithe Ábhartha a Ullmhú – Nollaig 2021-Eanáir 2022

Céim 3 Leasuithe Ábhartha le haghaidh Chomhairliúchán Poiblí Eanáir-Feabhra 2022

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Leasuithe a ullmhú – Feabhra-Márta 2022

Breithniú ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag na Comhaltaí i Lúnasa-Samhain 2022

Céim 4 Plean Forbartha a Ghlacadh-Aibreán 2022

Beidh feidhm leis ó Mheitheamh 2022